


Léargais Ghlasa: Saoránaigh Dhomhanda a Chothú ar mhaithe le Todhchaí Inbhuanaithe



Cad é eTwinning?

Is ardán ar líne é eTwinning a thacaíonn le múinteoirí agus oideachasóirí oibriú ar thionscadail chomhoibritheacha le chéile in aon réimse curaclaim.

Cén fáth a nglacfa páirt in eTwinning?

- Tá suíomh gréasáin tiomnaithe againn inar féidir le múinteoirí próifíl a chruthú, comhpháirtithe a chuardach, a dtionscadail eTwinning féin a fhorbairt agus a sheachadadh.
- Tá teacht ag múinteoirí ar 'TwinSpace' freisin. Is spás oibre príobháideach, slán ar líne é seo ina riarann tú féin agus do chomhpháirtí/comhpháirtithe an tionscadal agus inar féidir cuireadh a thabhairt do scoláirí cur leis an TwinSpace mar bhaill.
- Éascaíonn eTwinning deiseanna foghlama ar líne agus duine le duine do mhúinteoirí chun a scileanna, a n-inniúlachtaí agus a gcur chuige oideolaíoch a fheabhsú

- Feabhsaíonn nádúr comhoibritheach eTwinning muinín agus scileanna cumarsáide na scoláirí
- Tugann eTwinning dearcadh idirnáisiúnta do scoláirí maidir lena gcuid foghlama agus oideachais

Cad é an tionscadal eTwinning Green Horizons?

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal eTwinning Green Horizons saoránacht dhomhanda, comhfhios comhshaoil, agus rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíochtaí gníomhaíochta aeráide a chothú. Tá sé mar aidhm aige freisin scoileanna ó thíortha éagsúla a nascadh, rud a chuireann ar a gcumas oibriú i gcomhar a chéile i dtreo todhchaí inbhuanaithe. Cuimseoidh an tionscadal gníomhaíochtaí, acmhainní agus díospóireachtaí éagsúla a bheidh dírithe ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar chleachtais atá cairdiúil don chomhshaol, de réir phrionsabail chlár na Scoileanna Glasa.

Tá suíomh gréasáin na Scoileanna Glasa ar fáil ag <https://greenschoolsireland.org/>



Príomheolas:

| | |
|-----------------------------|---|
| Leibhéal deacrachta: | <ul style="list-style-type: none"> Tosaitheoir |
| Príomhinniúlachtaí | <ul style="list-style-type: none"> Scileanna Digiteacha Scileanna Teanga Scileanna cruthaitheacha Scileanna Cur i Láthair Obair Foirne |
| Ábhair: | <ul style="list-style-type: none"> Tíreolaíocht Eolaíocht OSPS Béarla OSSP Polaitíocht agus an tSochaí |
| Leibhéal | <ul style="list-style-type: none"> Bunscoil (Rang 2 go Rang 6) & Iar-bhunscoil |
| Creat ama molta | <ul style="list-style-type: none"> 1+ mí |



Conas is féidir le mo scoil páirt a ghlacadh sa tionscadal seo?

Lean na céimeanna seo chun tosú ag nascadh agus ag comhoibriú le scoileanna i dtíortha eile:

Céim 1: Déan nasc - Aimsigh scoil/scoileanna comhpháirtíochta tríd an bhfeidhm **Cuardach Comhpháirtithe** ar ardán eTwinning.

Céim 2: Cruthaigh - Déanann na scoláirí imscrúdú ar athrú aeráide agus inbhuanaitheacht. Ansin cruthaíonn siad ábhar chun an méid a d'fhoghlaim siad a thaispeáint.

Céim 3: Comhoibrigh - Comhoibrigh le do scoil/scoileanna comhpháirtíochta chun an méid atá foghlamtha agat a roinnt.

Céim 1: Déan nasc

- Aimsigh do scoil/scoileanna comhpháirtíochta tríd an bhfeidhm Cuardach Comhpháirtithe ar ardán eTwinning anseo.
- Bain úsáid as an bhfeidhm **Cruinnithe ar Líne i Twinspace** chun do scoil a thabhairt isteach sa spás fíorúil.
- Cuir do scoil in aithne le fiseán scoile nó le taispeántas sleamhnán (m.sh. PowerPoint, Keynote, SlideShare).
 - D'fhéadfá cuid díobh seo a leanas a chur san áireamh: léarscáil den scoil, a suíomh, seomraí speisialaithe, limistéir den chlós, halla corpoideachais, ceantínn, seomraí ranga agus limistéir chaidrimh.
- Déan gníomhaíocht briseadh oighir chun aithne níos fearr a chur ar do scoil/scoileanna comhpháirtíochta, mar shampla, d'fhéadfadh daltaí nós suimiúil éiceabháich amháin a chleachtann siad cheana féin a roinnt.
- Comhaontaigh plean oibre agus sceideal ama agus roinn le do chomhpháirtí/comhpháirtithe é agus forbair smaointe le haghaidh topaicí. Foilsigh an plean oibre i do TwinSpace agus mionathraigh de réir mar is gá.

Nóta: Teanga - moltar machnamh a dhéanamh ar theangacha na bpáirtnéirí go léir agus iarracht a dhéanamh roinnt frásaí bunúsacha, nathanna cainte, nó focail a mhúineadh agus a fhoghlaim i dteanga nó i gcanúint an pháirtí. Is féidir le daltaí iris foclóra, nó leabhar gearrthóg an tionscadail a úsáid.

Céim 2: Cruthaigh

1. SAORÁNACHT DHOMHANDA AGUS ATHRÚ AERÁIDE

- Cuir na scoláirí ar an eolas faoi choincheapa na Saoránachta Domhanda agus an Athraithe Aeráide trí sheisiúin chomhoibrítheacha ar líne a réachtáil. Spreag na scoláirí chun tionchar an athraithe aeráide ar réigiúin éagsúla a fhiosrú trí acmhainní agus ábhair a chruthú agus a roinnt.

2. CLÁR NA SCOILEANNA GLASA

- Déan iniúchadh ar an gcaoi ar féidir gnéithe de chlár na Scoileanna Glasa a chur i bhfeidhm i ngach scoil rannpháirteach. Bain úsáid as an Treoir chun cabhrú leat.
- I spás fíorúil ainmnithe (Miro / Padlet / Mentimeter) tabhair isteach spriocanna agus cuspóirí thionscadal na Scoile Glaise.
- Iarr ar na scoláirí Bord Físe Glaise a chruthú a léiríonn a bhfís chomhchoiteann don thionscadal.

Céim 3: Comhoibrigh

- Spreag na rannpháirtithe chun ábhar a mboird físe a phlé agus comhoibriú air (aibhsithe thuas), ag cinntiú go ndéantar ionchur gach duine a mheas.
- Roinneann na scoláirí an méid atá foghlamtha acu go dtí seo.
- Leanann scoileanna comhpháirtíochta orthu ag iniúchadh an Chláir um Shaoránacht Dhomhanda, Athrú Aeráide agus Scoileanna Glasa trí dhul i mbun gníomhaíochtaí comhoibríocha. Anseo thíos, tá liosta gníomhaíochtaí a mholtar:



Moltaí Gníomhaíochta Tionscadail:

1. DÚSHLÁIN MAIDIR LE GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

- Cuir dúshláin sheachtainiúla ar fáil do na scoláirí le tabhairt fúthu ina bpobail áitiúla, ag cur gníomhartha inbhuanaithe chun cinn ar nós laghdú dramhaíola, caomhnú fuinnimh, nó forbairt spáis ghlais.
- Roinn do thorthaí agus d'eispéiris tríd an ardán eTwinning.

2. CEARDLANNA IDIRGHNÍOMHACHA

- Reáchtáil ceardlanna fíorúla le saineolaithe san eolaíocht chomhshaoil, inbhuanaitheacht agus saoránacht dhomhanda, mar shampla, ECO UNESCO /Cúnamh Éireann /Scoileanna Domhanda WorldWise.

3. TIONSCADAIL CHOMHOIBRITHEACHA AR LÍNE, CLUICHÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Oibrigh ar thionscadail chomhoibritheacha le scoláirí ó thiortha comhpháirtíochta, ag díriú ar ábhair a bhaineann leis an aeráid.
- Cruthaigh cuir i láthair ilmheán, forbairt ábhair oideachais, nó mol réitigh atá cairdiúil don chomhshaoil do dhúshlán coitianta (Uaslódáil iad seo chuig an áis **Pages** sa **Twinspace**.)
- Cruthaigh Tráth na gCeist Leabhráin, nó Cluichí Kahoot

4. TURAIS GHLASA FHÍORÚLA

- Déan turais fhíorúla ar thionscnaimh ghlasa agus ar thionscadail inbhuanaithe i ngach tír rannpháirteach.
- Reáchtáil 'Seisiúin Machnaimh', ag díriú ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí i gcleachtais inbhuanaithe ar fud an domhain (Padlet/Explain Everything/ Foraim).

(Leabaigh sa **Twinspace** é.)

5. SCÉALAÍOCHT DHIGITEACH

- Spreag na scoláirí chun scéalta digiteacha nó cláir faisnéise a chruthú faoi thionchar an athraithe aeráide ar a bpobail agus faoi na gníomhartha a rinneadh chun aghaidh a thabhairt air (Book Maker / Story Jumper/ Madmagz)z)

(Leabaigh sa **Twinspace** é.)

6. GEALLTANAIS MAIDIR LE SAORÁNACHT DHOMHANDA

- Is féidir leis na scoláirí ar fad le chéile sraith gealltanais nó tiomantas saoránachta domhanda a fhorbairt maidir le maireachtáil inbhuanaithe, ar féidir iad a roinnt lena bpobail áitiúla.
- Cruthaigh póstaer.

(Uaslódáil chuig **Files and Images Folders** iad sa **Twinspace**.)

7. ÁBHAR NA SCOILEANNA GLASA: DRAMHAÍL & ATHCHÚRSÁIL

- Óstáil ceardlann uaschúrsála (ar líne), ag iarraidh ar na scoláirí sean - earraí a thabhairt isteach chun iad a athrú go rud éigin nua agus úsáideach. (Sampla: coinnleoirí a dhéanamh de phrócaí gloine.)
- Is féidir táirgí, smaointe agus próisis a dhoiciméadú agus a roinnt le comhpháirtithe mura gcuirtear i gcrích iad ar líne le chéile.

(Bain úsáid as an áis **Cruinnithe Ar Líne** sa **Twinspace**.)

8. ÁBHAR NA SCOILEANNA GLASA: CAOMHNÚ FUINNIMH

- Déan Comparáid idir Fearais atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de - Is féidir leis na scoláirí taighde a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh fearas éagsúil agus comparáid a dhéanamh eatarthu.
- Cruthaigh póstaer nó cur i láthair sleamhnáin ina dtaispeántar na roghanna is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de.

(Uaslódáil chuig **Files and Images Folders** iad sa **Twinspace**.)

9. ÁBHAR NA SCOILEANNA GLASA: UISCE

- Rianú Úsáid Uisce – Iarr ar na scoláirí a n-úsáid laethúil uisce a rianú sa bhaile agus ar scoil ar feadh seachtaine. Pléigh na torthaí agus déan iniúchadh ar bhealaí chun idiú uisce a laghdú (Úsáid áis na **bhFóramsa Twinspace**.)
- Gníomhaíocht Uisciúcháin sileáin - Taispeáin do na scoláirí conas córas simplí uisciúcháin sileáin a chruthú ag baint úsáide as ábhair athchúrsáilte.
- Is féidir leat do chóras a úsáid ansin chun gairdín scoile a uisciú.
- (Déan taifeadadh agus leabaigh i **Twinspace** é trí YouTube.)

10. ÁBHAR NA SCOILEANNA GLASA: BITHÉAGSÚLACHT AGUS SPÁSANNA GLASA – IRISEOIREACHT DÚLRA

- Is féidir leis na scoláirí dul ar shiúlóidí dúlra ag taifeadadh agus ag cruthú turas fíorúil.
- Tabhair cuireadh do na scoláirí na siúlóidí dúlra a dhoiciméadú, mar shampla, trí ghrianghrafadóireacht, breathnuithe, sceitsí agus a gcuid smaointe a scríobh faoin domhan nádúrtha mórthimpeall orthu.
- Is féidir na hirísí seo a roinnt le tíortha comhpháirtíochta.

(Uaslódáil iad seo chuig an áis **Pages** sa **Twinspace**.)



Torthaí Foghlama

Cuirfear ar chumas na scoláirí:

- Dul i mbun malartú cultúrtha ar líne le scoláirí ó thíortha éagsúla, chun comhthuisctint agus léirthuisctint ar shaincheisteanna éagsúla comhshaoil a chothú
- Feasacht agus tuiscint a fhorbairt ar dhúshláin dhomhanda chomhshaoil, chomh maith lena ról mar shaoránaigh fhreagracha dhomhanda maidir le dul i ngleic leis na dúshláin sin
- An -eolas agus a dtuiscint ar shaincheisteanna comhshaoil a fheabhsú, lena n-áirítear athrú aeráide, caillteanas bithéagsúlachta agus ídiú acmhainní, chun bunús a thógáil le haghaidh cinnteoireacht eolasach
- Dul i mbun foghlama comhoibríthí trí oibriú le chéile ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí a chuireann freagracht chomhroinnte agus obair foirne chun cinn, rud a chomhoibríonn mothú pobail agus nascacht idir comhpháirtithe
- A gcuid scileanna smaointeoireachta criticiúla a chothú trí dhul i ngleic le saincheisteanna comhshaoil agus anailís a dhéanamh orthu agus réitigh a fhorbairt laistigh de chomhthéacs chlár na Scoileanna Glasa
- A gcuid scileanna litearthachta digití a fhorbairt trí ardáin agus uirlisí digiteacha éagsúla ar líne a úsáid le haghaidh cumarsáide, taighde agus comhoibríthe, i gcomhthéacs tionscadail eTwinning
- A bheith spreagtha chun páirt ghníomhach a ghlacadh i gelár na Scoileanna Glasa trína phrionsabail a thuiscint, cleachtais atá cairdiúil don chomhshaoil a chur i bhfeidhm ina scoileanna agus tacú le hinbhuanaitheacht
- Feabhas a chur ar a gcuid scileanna cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid i scríbhinn agus ó bhéal, trí smaointe a mhalartú, trí fhaisnéis a roinnt agus trí thionscadail chomhoibríocha a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil a chur i láthair
- A gcuid scileanna taighde agus bainistíochta tionscadail a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí éagsúla a phleanáil, a eagrú agus a chur i gcrích faoi chuimsiú an tionscadail eTwinning seo
- A bheith spreagtha chun machnamh a dhéanamh ar a ndearcadh agus a n-iompar comhshaoil féin, ag cur féinfheasachta agus féinmheasúnaithe chun cinn i dtreo stíl mhaireachtála níos inbhuanaithe
- Roinnt nasc a éascú laistigh dá bpobail áitiúla, chun tionchar an tionscadail a leathnú lasmuigh den seomra ranga, ag spreagadh daltaí chun bheith ina ngníomhairí chun athrú a chur chun cinn ina bpobail féin
- Mothú freagrachta i leith an chomhshaoil a chothú, ag spreagadh na scoláirí chun leanúint lena rannpháirtíocht in inbhuanaitheacht thar thréimhse an tionscadail

Naisc Churaclaim

Tá réimse réimsí ábhair inar féidir an tionscadal seo a chomhtháthú:

Bunscoil: Rang 2 go Rang 6

| ÁBHAR | SNÁITHE |
|---------------------|--|
| Tíreolaíocht | <ul style="list-style-type: none"> Timpeallachtaí an Duine Feasacht agus Cúram Comhshaoil |
| Eolaíocht | <ul style="list-style-type: none"> Feasacht agus Cúram Comhshaoil |
| OSPS | <ul style="list-style-type: none"> Mé féin agus an Domhan Mór |
| Gaeilge | <ul style="list-style-type: none"> Glacthacht do theanga Inniúlacht agus muintín maidir le teanga a úsáid Cumais chognaíocha a fhorbairt trí theanga Forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch trí theanga |

Deiseanna Traschuraclaim: Scileanna Digiteacha, Ealaín

Iarbhunscoil: An tSraith Shóisearach

| ÁBHAR | SNÁITHE |
|---------------------|--|
| Tíreolaíocht | <ul style="list-style-type: none"> Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a n-idirghníomhaímid leis an domhan fisiciúil |
| OSPP | <ul style="list-style-type: none"> Saoránacht Dhomhanda |
| Eolaíocht | <ul style="list-style-type: none"> An Domhan agus an Spás: Eilimint – Inbhuanaitheacht An Domhan Ceimiceach: Eilimint – Inbhuanaitheacht An Domhan Fisiciúil: Eilimint – Inbhuanaitheacht |
| Gaeilge | <ul style="list-style-type: none"> Teanga Bhéil; Léitheoireacht; Scríbhneoireacht: Gnéithe <ul style="list-style-type: none"> Cumarsáid a dhéanamh mar éisteoir, cainteoir, léitheoir, scríbhneoir Teanga a fhiosrú agus a úsáid Ábhar agus struchtúr teanga a thuiscint |

Deiseanna Traschuraclaim: Scileanna Digiteacha, Ealaín

Iar-bhunscoil: An tSraith Shinsearach

| ÁBHAR | SNÁITHE |
|-------------------------|--|
| Gaeilge | <ul style="list-style-type: none"> Tuiscint Cumadh |
| Tíreolaíocht | <ul style="list-style-type: none"> Patrúin agus Próisis sa Timpeallacht Fhisiciúil Tíreolaíocht Réigiúnach |
| Polaitíocht agus Sochaí | <ul style="list-style-type: none"> Forbairt Inbhuanaithe |

Deiseanna Traschuraclaim: Scileanna Digiteacha, Ealaín

Meastóireacht agus Measúnú

- Is féidir meastóireachtaí a dhéanamh ar fud an tionscadail tar éis gach gníomhaíochta trí mhachnamh na scoláirí a bhailiú in iris tionscadail, go fisiciúil nó go fíorúil.
- Is féidir leis na scoláirí punann a thiomsú freisin (go digiteach) ina dtaispeántar a gcion leis an tionscadal, rud lena n-áirítear machnamh scríofa, cur i láthair ilmhéan agus fianaise ar obair chomhoibrítheach. Is féidir punanna a mheasúnú ag baint úsáide as rúbric bunaithe ar dhoimhneacht an ábhair, na cruthaitheachta, agus comhtháthú na gcleachtas inbhuanaithe.
- Measúnú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na scoláirí i bplé ar líne, i bhfórait agus in ardáin chomhoibrítheacha. Breithniú a dhéanamh ar cháilíocht na rannchuidithe, ar theagmháil le píaraí agus ar an gcumas smaointe a chur in iúl go héifeachtach.
- Measúnú a dhéanamh ar scileanna litearthachta digítí na scoláirí trína gcumas a mheas a mbealach a a dhéanamh tríd na hardáin ar líne agus iad a úsáid, comhoibriú go héifeachtach trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha agus eolas a chur i láthair ar bhealach atá tarraingteach agus comhleánúch ó thaobh amhairc de.
- Is féidir measúnú a dhéanamh ar na tionscadail chomhoibrítheacha a d'fhorbair foirne scoláirí trí fachtóirí amhail cruthaitheacht, ábharthacht maidir le clár na Scoileanna Glasa, éifeachtacht maidir le dul i ngleic le saincheisteanna comhshaoil agus leibhéal an chomhoibríthe i measc bhaill foirne a bhreithniú.
- Scoláirí a spreagadh chun measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil iarbhír na gcleachtas inbhuanaithe a chuirtear i bhfeidhm ina scoil. D'fhéadfaí a áireamh leis sin coigilteas fuinnimh, laghdú dramhaíola, nó aon mhéadracht ábhartha eile a thomhas.
- Is féidir blag nó iris a úsáid i rith an tionscadail, rud a thugann deis do na scoláirí a dtaithe, a ndúshláin agus a bhfoghlaim a dhoiciméadú. Is féidir comhpháirtéanna féinmheasúnaithe a fhí isteach, rud a spreagann na scoláirí chun machnamh a dhéanamh ar a bhfás pearsanta, ar a dtuiscint ar shaoránacht dhomhanda, chomh maith le hathruithe ar a ndearcadh agus a n-iompraíochtaí comhshaoil.

Dissemination/follow-up

- Is féidir **aonach glas idirnáisiúnta ar líne** a óstáil ag buaic an tionscadail, áit a dtaispeánann na scoláirí a dtionscadail, a bhfuil bainte amach acu agus a n-eispéiris.
- Is féidir **suíomh gréasáin nó blag** tiomnaithe a chruthú chun cuspóirí, gníomhaíochtaí agus torthaí an tionscadail a thaispeáint. Is féidir é a nuashonrú go rialta le hailt, grianghraif agus machnamh ó scoileanna rannpháirteacha.
- Is **féidirardáin meán sóisialta** a úsáid chun nuashonruithe tionscadail, rudaí a baineadh amach agus príomhrudaí foghlamtha a roinnt.
- Is féidir **nuachtlitir ar líne** (Madmagz) a fhorbairt agus a scaipeadh ina ndírítear aird ar ghasprioscanna tionscadail, rudaí atá bainte amach ag na scoláirí agus léargais a fuarthas i rith an tionscadail.
- Is féidir tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm **pleananna gníomhaíochta inbhuanaitheachta** a forbraíodh le linn an tionscadail agus monatóireacht a dhéanamh air.
- Is féidir **seisiúin mhachnaimh** a réachtáil le rannpháirtithe, chun tionchar fadtéarmach an tionscadail ar a scoileanna, a bpobail agus a saol pearsanta a phlé. Is féidir dúshláin agus éachtaí maidir le feabhsúchán amach anseo a aithint.
- Is féidir imeachtaí nó ceardlanna breise a eagrú laistigh den scoil/pobal níos leithne a bhfuil rannpháirtithe tionscadail páirteach iontu, chun feasacht a mhúscailt faoi shaincheisteanna comhshaoil agus chun na scoláirí a spreagadh chun leanúint lena n-iarrachtaí abhcóideachta.





Email: etwinning@leargas.ie
LinkedIn: [eTwinning Ireland](#)
Twitter/X: [@leargas_etwinn](#)

